

**An Bhruiséil, 17 Nollaig 2024
(OR. en)**

16991/24

**CLIMA 461
ENV 1237
ENER 610
TRANS 552
SAN 724
AGRI 893
FORETS 274
FIN 1133
ECOFIN 1508**

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

An: 17 Nollaig 2024

chuig: na toscaireachtaí

Uimh. an doic. 16579/24 + COR 1
roimhe seo:

Ábhar: Tuarascáil Speisialta Uimh. 15/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar
teideal Oiriúnú don athrú aeráide san Aontas Eorpach - Gníomhaíocht
nach bhfuil ag coinneáil suas leis an uaillmhian
- Conclúidí ón gComhairle

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an 4071ú cruinniú dá cuid, an 17 Nollaig 2024.

Tuarascáil Speisialta Uimh. 15/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal Oiriúnú don athrú aeráide san Aontas Eorpach - Gníomhaíocht nach bhfuil ag coinneáil suas leis an uaillmhian

- Conclúidí ón gComhairle -

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

AGUS É Á MEABHRÚ AICI na conclúidí uaithi maidir le feabhas a chur ar an scrúdú ar thuarascálacha speisialta arna dtarraingt suas ag an gCúirt Iniúchóirí i gcomhthéacs an nós imeachta um urscaoileadh¹;

1. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 15/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal Oiriúnú don athrú aeráide san Aontas Eorpach — Gníomhaíocht nach bhfuil ag coinneáil suas leis an uaillmhian;
2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE conclúidí agus moltaí na Tuarascála Speisialta, chomh maith leis na freagraí ón gCoimisiún ina leith;
3. CUIREANN SÍ IN IÚL gur díol mór imní di déine agus minicíocht mhéadaitheach na dteagmhas adhaimsire san Aontas agus ar fud an domhain, lena n-áirítear tonnta teasa, falscailte, triomach agus tuilte; AITHNÍONN SÍ an tábhacht mhéadaitheach a bhaineann le hacmhainneacht oiriúnaitheach a fheabhsú, athléimneacht a fhorbairt agus leochaileacht i leith an athraithe aeráide a laghdú i gcomhréir le Comhaontú Pháras;
4. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá maolú ar an athrú aeráide chun tionchair an athraithe aeráide a mhaolú agus MEABHRAÍTEAR DI sprioc an Aontais maidir le hastaíochtaí a laghdú, is é sin glanlaghdú intíre 55 % ar a laghad ar astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomparáid le leibhéal 1990 a bhaint amach faoi 2030 agus a thiomanta atá sé aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050;

¹ 7515/00 + COR 1

5. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI toradh na Tuarascála Speisialta go bhfuil creat fóna cuimsitheach ag an Aontas maidir le hoiriúnú don athrú aeráide, lena gcuimsítear go háirithe Straitéis an Aontais Eorpaigh um an Oiriúnú² chomh maith le forálacha ábhartha sa Dlí Aeráide Eorpach³ agus sa Rialachán maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh⁴; CUIREANN SÍ I dTREIS na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag an Aontas agus ag na Ballstáit chun rioscaí a bhaineann leis an aeráid a chosc agus a laghdú, mar a léirítear i gcur chun feidhme Straitéis an Aontais um an Oiriúnú agus straitéisí agus pleananna oiriúnaithe na mBallstát, agus i gcur chun cinn an Mhisin Eorpaigh um an Oiriúnú;
6. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI an chéad tuarascáil ar an Measúnú Riosca Aeráide Eorpach (EUCRA)⁵ agus an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Bainistiú Riosca Aeráide⁶ agus MEASANN SÍ go dtacóidh siad le sainaitheint tosaíochtaí beartais a bhaineann le hoiriúnú san Eoraip agus le forbairt beartais in earnálacha atá íogair ó thaobh na haeráide de; DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI freisin tuarascáil Niinistö ina ndírítear ar ullmhacht do ghéarchéimeanna a bheidh ann amach anseo;
7. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá cineál sistéamach an oiriúnaithe a chur chun cinn trí oiriúnú, rioscaí aeráide, athléimneacht agus ullmhacht i leith an athraithe aeráide a phríomhshruthú agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an t-oiriúnú don athrú aeráide agus don athléimneacht a chomhtháthú sa reachtaíocht agus sna beartais ábhartha uile, d'fhonn gníomhaíocht chomhtháite, níos éifeachtaí agus níos réamhghníomhaí maidir le bainistiú riosca aeráide a áirithiú; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil an príomhshruthú sin ríthábhachtach chun gníomhú in aghaidh bhagairtí méadaitheacha an athraithe aeráide agus chun mí-oiriúnú a sheachaint; DEARBHAÍONN SÍ GO BHFUIL SÍ AG SÚIL LE foilsiú an phlean Eorpaigh um oiriúnú don athrú aeráide atá ar na bacáin agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún comhoibriú go gníomhach leis na Ballstáit agus é á fhorbairt;

² 6521/21

³ Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') IO L 243, 9.7.2021, lch. 1.

⁴ Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, IO L 328, 21.12.2018, lch. 1.

⁵ Tuarascáil EEA 1/2024 (<https://www.eea.europa.eu/publications/european-climate-risk-assessment>)

⁶ 7732/24

8. MEABHRAÍONN SÍ gurb é an Coimisiún, de bhun na gConarthaí, an institiúid a dhéanann maoirseacht ar chur i bhfeidhm dhlí an Aontais faoi rialú Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh: CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS freisin go gcuireann an Coimisiún measúnuithe rialta ar fáil ar dhul chun cinn comhchoiteann na mBallstát maidir le hoiriúnú don athrú aeráide agus athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide i dTuarascáil an Aontais ar Dhul Chun Cinn maidir le Gníomhú ar son na hAeráide;
9. MEABHRAÍONN SÍ thairis sin, cé go gcuireann an tAontas comhchreat ginearálta maidir le hoiriúnú don athrú aeráide ar fáil, gur faoi na Ballstáit atá sé cinneadh a dhéanamh maidir leis na bearta nithiúla oiriúnaithe; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an ról lárnach atá ag straitéisí agus pleananna náisiúnta oiriúnaithe atá iomlánaíoch, cuimsitheach agus a chuirtear chun feidhme go héifeachtach; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart an leibhéal áitiúil agus an leibhéal réigiúnach a bheith i gcroílár na pleanála oiriúnúcháin; MOLANN SÍ don Choimisiún leanúint d'eolas, oideachas agus faisnéis chomhlántach a chur ar fáil maidir le dea-chleachtais agus réitigh nuálacha d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha, i gcomhairle leis na Ballstáit;
10. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI an moladh ón gCúirt feabhas a chur ar an tuairisciú ar oiriúnú don athrú aeráide agus MOLANN SÍ comhar idir an Coimisiún agus na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar na laigí atá ann cheana; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, uirlisí éifeachtúla a fhorbairt chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo riosca-ullmhachta ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta; MEASANN SÍ gur cheart an faireachán a bheith bunaithe ar tháscairí soiléire arna bhforbairt i ndlúthchomhar leis na Ballstáit chun a áirithiú go léireoidh siad sainiúlachtaí réigiúnacha agus áitiúla chomh maith leis an obair ar chomhtháscairí ar an leibhéal iltaobhach a chur san áireamh, go háirithe faoi chuimsiú chlár oibre Aontas na nÉimíriochtaí Arabacha-Belem;
11. Thairis sin, TUGANN SÍ DÁ hAIRE tiomantas an Choimisiúin athbhreithniú a dhéanamh ar na próisis rialachais atá ann cheana; AONTAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé sineirgí a chur chun cinn leis na próisis agus leis na hoibleagáidí tuairiscithe atá ann cheana ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal idirnáisiúnta agus cur ag an am céanna leis an taithí agus leis an geleachtas náisiúnta; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá aon dubailt ar phróisis nó ar cheanglais a chosc agus an t-ualach riaracháin a íoslaghdú;

12. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI an moladh ón gCúirt maidir le húsáid níos fearr a bhaint as uirlisí an Aontais, mar shampla tairseach Climate-ADAPT, Copernicus agus Cúnant na Méaraí, d'fhonn teagmháil níos fearr a dhéanamh le pobail áitiúla; MOLANN SÍ don Choimisiún an tairseach Climate-ADAPT a chur ar fáil de réir a chéile i dteangacha oifigiúla uile an Aontais agus oibriú leis na Ballstáit chun uirlisí agus próisis an Aontais agus na huirlisí agus na próisis náisiúnta atá ann cheana a nascadh ar bhealach níos fearr chun sineirgí agus comhordú eatarthu a áirithiú; MOLANN SÍ comhroinnt eolais agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit oibriú le chéile chun feabhas a chur ar chumarsáid agus ar scaipeadh dea-chleachtas agus dea-chleachtas maidir le hoiriúnú agus chun rochtain na n-údarás réigiúnach agus áitiúil ar shonraí agus ar uirlisí atá ann cheana a bhaineann le hoiriúnú a chur chun cinn ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon;
13. LEAGANN SÍ BÉIM AR an ngá atá ann maoiniú comhleanúnach agus leordhóthanach a áirithiú ó fhoinsí poiblí agus ó fhoinsí príobháideacha araon chun dlús a chur leis an ngníomhaíocht oiriúnúcháin; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún réitigh agus samplaí de dhea-chleachtais a chur ar fáil i gcomhthéacs mhaoiniú na mbeart oiriúnúcháin san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon; MOLANN SÍ don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar roghanna beartais chun an bhearna i gcosaint na haeráide a laghdú.
-